2017. M23T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ hAOINE 9 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 12:20

**Scrúduimhir** [ ]

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | Marc Iomlán | Scr. Comh. | Scr. Ach. |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfidh tú marcanna.**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Sraitheanna an Domhain**




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann sraitheanna (cisil) difriúla an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an sraith cheart sa tábla thíos.

| Sraith | Litir |
|---|---|
| An croí amuigh | |
| An screamh | |
| An croí istigh | |
| An maintlín | |

(ii) Cén téarma a thugtar ar an gcarraig leáite atá le fáil sa mhaintlín?

______________________________________________

**[10m]**

## 2. Tírghnéithe Cósta agus Próisis Chósta




Scrúdaigh an sliocht as léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Staca farraige | |
| Trá | |
| Aill | |
| Ceann tíre | |

(ii) Cé acu ceann **amháin** de na tírghnéithe sa tábla thuas a fhoirmítear mar thoradh ar shil-leagan cósta?

_______________________________________________

**[10m]**

## 3. Aibhneacha agus Oighriú













Scrúdaigh na fótagraif thuas agus líon an tábla agus tú ag freagairt gach ceann de na ceisteanna a leanas. Tá cuid den tábla líonta duit cheana.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

(ii) Luaigh cé acu de thoradh ar phróisis abhann **nó** ar phróisis oighrithe a fhoirmítear gach ceann de na tírghnéithe a ainmnítear sa tábla thíos.

| **C.3(i) Litir** | **Tírghné** | **C.3(ii) Próisis Abhann / Próisis Oighrithe** |
|---|---|---|
| | Lúbloch | **Abhainn** |
| **D** | U-ghleann | |
| | Com/Coire/Comloch | **Oighriú** |
| | V-ghleann | |

**[10m]**

**4.** **Carraigeacha**




Scrúdaigh an fótagraf thuas de limistéar basailt in Éirinn agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Roghnaigh an freagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas agus scríobh do fhreagra sa spás atá ann dó.

(a) Sampla de *charraig mheiteamorfach* **nó** de *bhruthcharraig* é basalt.

___________________________________________

(b) Is gnách go bhfoirmítear basalt mar thoradh *ar laibhe a bheith ag fuarú gar do dhromchla an domhain* **nó** *ar mhagma a bheith ag fuarú i bhfad faoi bhun dhromchla an domhain.*

___________________________________________

(c) Criostail *bheaga* **nó** criostail *mhóra* is mó atá sa bhasalt.

___________________________________________

(d) Tá basalt le fáil *i Sléibhte Chill Mhantáin* **nó** *i gClochán an Aifir*.

___________________________________________

(ii) Ainmnigh úsáid **amháin** a bhaintear as carraigeacha.

___________________________________________

**[10m]**

5. **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén fad atá sa bhóthar réigiúnach R587, ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag W 285 650 go dtí an áit a mbuaileann sé leis an mbóthar réigiúnach R584 ag W 296 703. Cuir tic sa bhosca ceart.

4.1 km ☐

6.7 km ☐

(ii) Dá mbeadh duine ag taisteal ón scoil sa Drom Liath (*Dromleigh*) ag W 284 652 go dtí Stáisiún an Gharda i mbaile Mhaigh Chromtha, cén treo ina mbeadh sé/sí ag taisteal? Cuir tic sa bhosca ceart.

Ó thuaidh ☐

Soir ó thuaidh ☐

**[10m]**

6. **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cuir in iúl cé acu gréasán lonnaíochta líneach, scaipthe nó cnuasta (cnuasach) atá sa ghréasán lonnaíochta ag gach ceann de na tagairtí eangaí a leanas.

W 333 692 ________________________________________

W 366 721 ________________________________________

W 317 722 ________________________________________

(ii) Ainmnigh an seaniarsma ag W 364 688.

______________________________________________________

(iii) Tarraing sa bhosca thíos an tsiombail do Ráth/Lios ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

☐

**[10m]**

**7. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Mhaigh Chromtha a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir in iúl cé acu Fíor nó Bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá reilig sa chúlra ar chlé san aerfótagraf.

______________________________

(ii) Tá timpeallán sa tulra ar chlé san aerfótagraf.

______________________________

(iii) Tá droichead trasna na habhann sa lár ar chlé san aerfótagraf.

______________________________

(iv) Tá an Lárcheantar Gnó (CBD) sa lár san aerfótagraf.

______________________________

(v) Is aerfótagraf ingearach é an t-aerfótagraf seo.

______________________________

**[10m]**

**8. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an cur síos ar réigiún a mheaitseáil leis an sampla de réigiún is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Réigiún cultúir |
| **B** | Croí-réigiún |
| **C** | Réigiún geomoirfeolaíoch |
| **D** | Réigiún riaracháin sa Fhrainc |
| **E** | Réigiún aeráide |

| Sampla de Réigiún | Litir |
|---|---|
| Mórcheantar Bhaile Átha Cliath | |
| Iomairí agus Gleannta na Mumhan | |
| Fionnuar Measartha Aigéanach | |
| Réigiún na mBascach | |
| Département | |

**[10m]**

**9. Gníomhaíochtaí Geilleagracha**

Scríobh an chatagóir de ghníomhaíocht gheilleagrach, Príomhúil, Tánaisteach nó Treasach, is fearr a mheaitseálann gach ceann de na gníomhaíochtaí geilleagracha sa tábla thíos.
Tá ceann amháin déanta duit.

| Gníomhaíocht Gheilleagrach | Catagóir de Ghníomhaíocht Geilleagrach |
|---|---|
| Mianadóireacht | |
| Baincéireacht | |
| Tógáil/foirgníocht | |
| Turasóireacht | **Treasach** |
| Déantúsaíocht | |
| Foraoiseacht | |

**[10m]**

**10. Daonra**

Daonra Réamh-Mheasta chuid de Phríomh-Mhórchathracha an Domhain, 2011-2025

| **Cathair** | **Daonra in 2011** (milliúin) | **Daonra réamh-mheasta do 2025** (milliúin) | **An Céatadán Fáis 2011-2025** |
|---|---|---|---|
| Nua-Eabhrac | 20 | 24 | +20% |
| Tóiceo | 37 | 39 | +5% |
| Mumbai | 20 | 27 | +35% |
| Cathair Mheicsiceo | 20 | 25 | +25% |
| Rio de Janeiro | 12 | 14 | +17% |

Curtha in oiriúint ó museumcity.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann daonra réamh-mheasta chuid de phríomh-mhórchathracha an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an chathair ina bhfuil an daonra is mó in 2011.

________________________________________________

(ii) Cén chathair a réamh-mheastar go mbeidh an daonra is lú inti in 2025?

________________________________________________

(iii) Cén chathair a réamh-mheastar go dtiocfaidh an céatadán fáis is airde ar an daonra inti idir 2011 agus 2025?

________________________________________________

(iv) Cén chathair a réamh-mheastar go dtiocfaidh an dara céatadán fáis is airde ar an daonra inti idir 2011 agus 2025?


________________________________________________

(v) Cén fás, ina mhilliúin duine, a mheastar a thiocfaidh ar dhaonra Nua-Eabhrac idir 2011 agus 2015?

________________________________________________

**[10m]**

**11.** **Aimsir**




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén brú baraiméadrach atá ann (ina heicteapascail / ina mhilleabair) i dtuaisceart na Spáinne?

____________________________________________

(ii) Sa bhosca thíos, tarraing an tsiombail do fhronta te ar chairt aimsire.

| |
|---|
| |

(iii) De réir chairt na haimsire, cén saghas gaoithe atá ann in Éirinn? Cuir tic sa bhosca ceart.

| | |
|---|---|
| Gaoth chiúin | |
| Gaoth stoirmiúil | |

(iv) Cuir an focal ceart as an liosta thíos sna habairtí a leanas i ngach cás chun na habairtí a chríochnú.

Isiteirmeacha Isihiaití

(a) Is é a thugtar ar línte ar an gcairt aimsire a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an fliuchras céanna ná

__________________________________.

(b) Is é a thugtar ar línte ar an gcairt aimsire a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an teocht chéanna ná

__________________________________.

**[10m]**

## 12. Léirmhíniú Satailíte



Curtha in oiriúint ó www.flickr.com



Curtha in oiriúint ó www.pics-about-space.com



Curtha in oiriúint ó www.en.wikipedia.org



Curtha in oiriúint ó www.satimagingcorp.com

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Rúidbhealach aerfoirt | |
| Pirimidí san Éigipt | |
| Grand Canyon | |
| Tuile | |

(ii) Luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as íomhánna satailíte.

______________________________________________

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid:**
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(100 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(100 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (100 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

## PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar iomlán an Taiscumair soir ó Dhroichead na Laoi (W 342 713) (*Lee Bridge*)
- Limistéar talún os cionn 200 méadar ag Cill na Martra in iarthuaisceart na léarscáile
- Abhainn an tSuláin (*Sullane River*)
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach in iardheisceart na léarscáile
- An limistéar faoi fhoirgnimh i Maigh Chromtha.

**[30m]**

### B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de charraigeacha dríodair.

(ii) Luaigh **dhá** áit dhifriúla in Éirinn ina bhfuil carraigeacha dríodair le fáil.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**[40m]**

### C. Fillsléibhte

Le léaráid(í) mar chúnamh agat, tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear Fillsléibhte.

**[30m]**

## Ceist 2

**A. Bolcáin**

### Bolcáin – Fuinneamh Lasanta an Domhain



Tá formhór na mbolcán le fáil ar feadh chiumhaiseanna na bplátaí teicteonacha. Tá thart ar 90 faoin gcéad de bholcáin an domhain i bhFáinne Tine an Aigéin Chiúin.

Áirítear go bhfuil thart ar 1,900 bolcán ar Domhan gníomhach (beo), rud a chiallaíonn go bhfuil leibhéal éigin gníomhaíochta ar siúl iontu agus go bhfuil seans ann go bpléascfaidh siad arís. Tá a lán bolcán eile suanach (ina gcodladh) agus tá bolcáin eile ann a áirítear a bheith marbh.

D'fhéadfadh daoine a chónaíonn in aice le bolcán a bheith i mbaol mór ó bhrúchtadh mór. D'fhéadfadh sé go scaoilfí sreabha laibhe a dhófadh gach rud a bhuaileann leo. D'fhéadfadh bolláin de laibhe atá ag cruachan titim anuas ar bhailte. D'fhéadfadh sreabha láibe ó shneachta atá ag leá go tapa sléibhte agus gleannta a lomadh agus bailte a chlúdach.

D'fhéadfadh luaith agus gáis thocsaineacha dochar a dhéanamh do scamhóga agus fadhbanna eile a thabhairt chun cinn. Measann eolaithe go bhfuair níos mó ná 260,000 duine bás le 300 bliain anuas mar thoradh ar bhrúchtadh bolcánach agus na hiarmhairtí a leanann é.

Curtha in oiriúint ó National Geographic

Léigh an sliocht thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán de na bolcáin atá i bhFáinne Tine an Aigéin Chiúin?

(ii) Cuir in iúl cad is brí leis an ainm *Fáinne Tine an Aigéin Chiúin*.

(iii) Ainmnigh **dhá** ábhar a scaoiltear san aer nuair a bhrúchtann bolcáin.

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *bolcán marbh*.

(v) Liostaigh **dhá** iarmhairt dhiúltacha a bhaineann le bolcáin.

(vi) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** a bhaineann le bolcáin.

**[30m]**

**B. Forbairt Tírghnéithe**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, agus léaráidí mar chúnamh agat, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

**C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**


Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a ndéanann daoine idirghníomhaíocht le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**[30m]**

## Ceist 3

### A. Síonchaitheamh










Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** leis an bpróiseas síonchaithimh is fearr a mheaitseálann é as an liosta thíos:

- Gníomhaíocht reo is coscartha
- Carbónáitiú
- Síonchaitheamh oinniúnach (scamhadh).

(ii) Cuir in iúl cé acu sampla de shíonchaitheamh ceimiceach **nó** de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil gach ceann de na próisis síonchaithimh ar an liosta thuas.

(iii) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a théann i bhfeidhm ar an síonchaitheamh.

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *scileach*.

**[30m]**

### B. Creathanna Talún

(i) Tabhair **dhá** shampla d'áiteanna difriúla inar tharla creathanna talún.

(ii) Ainmnigh scála a úsáidtear chun fórsa creathanna talún a thomhas.

(iii) Mínigh an tslí a dtarlaíonn creathanna talún **agus** tabhair cur síos ar na hiarmhairtí is mó a bhíonn orthu.

**[40m]**

### C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh an tslí a ndéanann daoine idirghníomhaíocht le ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Réigiún Eorpach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- **Dhá** bhaile nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó íseal) sa réigiún seo.

**[30m]**

**B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha – Réigiún in Éirinn**

Freagair gach ceann acu seo a leanas agus tagairt agat do réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin seo.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo i bhforbairt na gníomhaíochta geilleagraí treasaí a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach threasach seo sa réigiún seo.

**[40m]**

**C. Talmhaíocht – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**


Mínigh an tslí a bhíonn tionchar ag **dhá** cheann ar bith de na tosca ar an liosta thíos ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Aeráid
- Rilíf agus ithreacha
- Margaí.

**[30m]**

## Ceist 5

### A. Talmhaíocht in Éirinn

<table>
<tr><td>Earnáil Agraibhia agus Deochanna na hÉireann:<br>▪ Earnáil an agraibhia agus na ndeochanna a dhéanann 12.3% de na heaspórtálacha agus is ansin atá 8.6% de na poist.<br>▪ Meastar gur tháinig méadú 3% ar easpórtálacha agraibhia agus deochanna in 2015, go dtí €10.8 billiún.<br>▪ Úsáidtear 4.5 milliún heicteár talún sa talmhaíocht agus 730,000 heicteár eile san fhoraoiseacht.</td><td>Na háiteanna ba mhó a ndeachaigh Easpórtálacha Agraibhia agus Deochanna na hÉireann in 2015<br><br>Curtha in oiriúint ó Bord Bia</td></tr>
</table>



Scrúdaigh an t-eolas thuas faoi earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán de dhaonra na hÉireann atá fostaithe in earnáil an agraibhia agus na ndeochanna?

(ii) Cén luach (€) a bhí ar easpórtálacha earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann in 2015?

(iii) Ríomh **X**, an céatadán d'agraibhia agus de dheochanna na hÉireann a easpórtáladh go dtí an Ríocht Aontaithe in 2015.

(iv) Cé mhéad heicteár talún a úsáidtear sa talmhaíocht **agus** cé mhéad heicteár talún a úsáidtear san fhoraoiseacht?

(v) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach d'earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann.

(vi) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach d'earnáil agraibhia agus deochanna na hÉireann.

**[30m]**

### B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Eorpach

Mínigh forbairt **dhá** cheann acu seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na cúiseanna a mheallann **turasóirí** go dtí an réigiún seo
- Tábhacht na **déantúsaíochta** sa réigiún seo
- Forbairt an **iompair** sa réigiún seo.

**[40m]**

### C. Fás Uirbeach – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna leis an bhfás ar limistéar uirbeach i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### A. Dífhostaíocht san Eoraip

Céatadán na nDaoine Dífhostaithe in 2005, 2010 agus 2015 i dTíortha Roghnaithe

| | Éire % | An Ghearmáin % | An Fhrainc % | An Pholainn % | An Liotuáin % | An Ghréig % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2005** | 4.4 | 11.2 | 8.9 | 19.1 | 8.3 | 10.0 |
| **2010** | 13.9 | 7.0 | 9.3 | 9.7 | 17.8 | 12.7 |
| **2015** | 9.4 | 4.6 | 10.4 | 7.5 | 9.1 | 24.9 |

Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann céatadán na ndaoine dífhostaithe i dtíortha roghnaithe in 2005, 2010 agus 2015 agus freagair gach ceann de ne ceisteanna a leanas.

(i) Cén tír ina raibh an céatadán ab airde de na daoine dífhostaithe in 2015?

(ii) Cén **dá** thír inar tháinig laghdú ar an gcéatadán de na ndaoine a bhí dífhostaithe ó 2005 go 2015?

(iii) Cén bhliain a raibh an céatadán de na daoine a bhí dífhostaithe in Éirinn níos ísle ná an céatadán a bhí dífhostaithe i ngach ceann de na tíortha roghnaithe eile? Tabhair míniú achomair ar chúis **amháin** leis seo.

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an laghdú ar chéatadán na ndaoine a bhí dífhostaithe sa Pholainn ó 2005 go 2015.

(v) Mínigh go hachomair slí **amháin** chun leibhéil dífhostaíochta a laghdú.

**[30m]**

### B. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh

(i) Ainmnigh **dhá** thír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach ó 2000 i leith.

(ii) Mínigh na buntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

(iii) Mínigh na míbhuntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

**[40m]**

### C. Forbairt Réigiúnach

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** fhadhb atá ag réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An limistéar faoi fhoirgnimh i Maigh Chromtha
- Cúrsa iomlán an phríomhbhóthair náisiúnta N22
- Cúrsa iomlán an bhóthair réigiúnaigh R584
- An líne tharchurtha leictreachais in oirthuaisceart na léarscáile
- Oifig phoist.

**[30m]**

**B. An tAontas Eorpach**

Mínigh an tslí a ndeachaigh beartas an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

**C. Truailliú an Chomhshaoil**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh na cúiseanna le truailliú seo an chomhshaoil **agus** na hiarmhairtí air.

(iii) Déan cur síos ar an tslí a bhféadfaí truailliú seo an chomhshaoil a laghdú.


**[40m]**

## Ceist 8

### A. Ídiú Fuinnimh

Céatadán den Fhuinneamh a Ídítear in Éirinn de réir na Foinse Breosla in 1990 agus 2015

**1990**




**2015**

| | |
|---|---|
| Gual | 16.9% |
| Móin | 8.8% |
| Ola | 1.4% |
| Gás | 43.0% |
| Hidrea-chumhacht | 2.8% |
| Gaoth | 22.8% |
| Eile | 4.3% |

Curtha in oiriúint ó SEAI Report 2016

Scrúdaigh an t-eolas thuas a bhaineann le hídiú fuinnimh in Éirinn de réir na foinse breosla in 1990 agus in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán den fhuinneamh a ídíodh i 1990 a gineadh as gual?

(ii) Cén céatadán den fhuinneamh a ídíodh in 2015 a gineadh as gual?

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *breosla iontaise*.

(iv) Ríomh an céatadán den fhuinneamh a ídíodh i 1990 a gineadh as breoslaí iontaise.

(v) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *fuinneamh in-athnuaite*.

(vi) Mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an méadú ar úsáid na gaoithe mar fhoinse fuinnimh.

**[30m]**

### B. Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá ag feidhmiú in Éirinn.

(ii) Ainmnigh amhábhar **amháin** a úsáideann an chuideachta ilnáisiúnta seo **agus** ainmnigh an tír óna bhfaightear an t-amhábhar seo.

(iii) Ainmnigh earra **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta seo.

(iv) Luaigh an áit a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe in Éirinn **agus** mínigh le mionsonraí an chúis ar lonnaíodh san áit seo í.

**[40m]**

### C. Coilíneachas – Geilleagar i mbéal Forbartha

(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** i mbéal forbartha a ndearnadh coilíniú air.

(ii) Mínigh iarmhairtí an choilíneachais ar an ngeilleagar i mbéal forbartha seo.

**[30m]**

## Ceist 9

### A. Forbairt Gheilleagrach

Olltáirgeacht Intíre (OTI) per capita ina $SAM, 2015

| Tír | OTI |
|---|---|
| Éire | $51,000 |
| An Ghréig | $18,000 |
| SAM | $56,000 |
| An Ghearmáin | $41,000 |
| An Iorua | $75,000 |

Curtha in oiriúint ó www.worldbank.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an Olltáirgeacht Intíre (OTI) per capita ina $SAM in 2015 do thíortha roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, luaigh **dhá** chúis a bhfuil an Olltáirgeacht Intíre (OTI) i dtíortha áirithe níos airde ná mar atá i dtíortha eile.

**[30m]**

### B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt ceann **amháin** acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Seirbhísí agus tionscail gan chuing.

**[30m]**

### C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Cuir in iúl go soiléir, agus tagairt eangaí sé fhigiúir á húsáid agat, cén áit a dtógfá feirm ghaoithe.

(ii) Agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis á húsáid agat, mínigh an chúis ar roghnaigh tú an áit seo don feirm ghaoithe.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn mar gheall ar an bhfeirm ghaoithe a bheith lonnaithe san áit seo.

**[40m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

### A. Dinimic Daonra

Ionchas Saoil Tráth Breithe in 2015

| Tír | Ionchas Saoil |
|---|---|
| An Afganastáin | 60 bliain |
| Éire | 81 bliain |
| Mailí | 58 bliain |
| An Bhrasaíl | 75 bliain |
| An tSúdáin | 64 bliain |

Curtha in oiriúint ó www.hdr.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann ionchas saoil tráth breithe i dtíortha roghnaithe in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, luaigh **dhá** shlí a bhféadfaí cur leis an ionchas saoil i dtíortha mar Mhailí agus an tSúdáin.

**[30m]**

### B. Lonnaíocht Stairiúil

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** shampla dhifriúla de lonnaíocht stairiúil a bhfuil fianaise dóibh le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúir do shuíomh gach ceann díobh.

(ii) Déan cur síos ar gach ceann de na trí lonnaíocht stairiúil a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**[30m]**

### C. Sraoilleáil Uirbeach

(i) Ainmnigh cathair **amháin** inar tharla sraoilleáil uirbeach.

(ii) Mínigh na cúiseanna ar tharla sraoilleáil uirbeach sa chathair seo.

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar shraoilleáil uirbeach.

**[40m]**

## Ceist 11

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Mhaigh Chromtha a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- An abhainn
- An séipéal sa lár ar chlé
- Limistéar trádstórála sa tulra ar chlé
- Limistéar caitheamh aimsire.

**[30m]**

**B. Imirce – Ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach**

(i) Mínigh na cúiseanna a rachadh daoine ar imirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

(ii) Mínigh na fadhbanna a bhíonn i gceantar uirbeach mar thoradh ar an imirce seo.

**[40m]**

**C. Dinimic Daonra**


Mínigh conas a théann **trí** cinn ar bith de na tosca a leanas i bhfeidhm ar an daonra:

- Acmhainní
- Sochaí agus cultúr
- Leibhéil ioncaim
- Teicneolaíocht.

**[30m]**

## Ceist 12

### A. Imirce




Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann líon na n-imirceach a tharrtháil Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann sa Mheánmhuir agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad imirceach a tarrtháladh i mBealtaine 2015 **agus** cé mhéad imirceach a tarrtháladh i mBealtaine 2016?

(ii) Ríomh líon iomlán na n-imirceach a tarrtháladh in 2016 sna trí mhí Bealtaine, Meitheamh agus Iúil, le chéile.

(iii) Ainmnigh **dhá** thoisc tharraingthe a fhágann go dtéann daoine ar imirce chun na hEorpa.

(iv) Mínigh go hachomair ceann **amháin** de na tosca tarraingthe a ainmníodh i gcuid (iii) thuas.

(v) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** don Aontas Eorpach as glacadh leis na himircigh seo.

**[30m]**

**B.** **Forbairt ar Lonnaíochtaí Uirbeacha**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis gur fhorbair baile Mhaigh Chromtha san áit seo agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thaca le gach cúis.

**[30m]**

**C.** **Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

(ii) Mínigh na cúiseanna leis an bhfás tapa ar an gcathair seo sa domhan i mbéal forbartha.

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar an bhfás tapa seo.

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar na fadhbanna seo.

**[40m]**

**Leathanach Bán**